CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2021/885 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Bealtaine 2021

maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a shlógadh chun cúnamh a thabhairt don Ghréig agus don Fhrainc i ndáil le tubaistí nádúrtha agus don Albáin, don Bheilg, don Chróit, don Eastóin, d'Éirinn, don Fhrainc, don Ghearmáin, don Ghréig, don Iodáil, don Laitvia, don Liotuáin, do Lucsamburg, do Mhontainéagró, don Ostair, don Phortaingéil, don Rómáin, don tSeicia, don tSeirbia, don Spáinn, agus don Ungáir i ndáil le héigeandáil sláinte poiblí

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(3) de,

Ag féachaint don Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach ([2]), agus go háirithe pointe 10 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm do Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh ("an Ciste") cur ar chumas an Aontais freagairt ar bhealach tapa éifeachtúil solúbtha do staideanna éigeandála chun dlúthpháirtíocht a léiriú le pobail réigiún a mbuaileann tubaistí nádúrtha móra nó réigiúnacha iad nó mór-éigeandáil sláinte poiblí.

(2) Ní fhéadfaidh a bheith sa Chiste níos mó ná na huasteorainneacha dá dtagraítear in Airteagal (9) de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle ([3]). I gcomhréir le hAirteagal 9(2) agus 9(4) den Rialachán sin, is é EUR 477 543 750 an t-uasmhéid is féidir leis an gCiste a shlógadh ó leithdháileadh 2021 go dtí an 1 Meán Fómhair 2021. I gcomhréir le hAirteagal 4a(4) de Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002, inscríobhadh EUR 50 000 000 sa bhuiséad ginearálta don bhliain airgeadais 2021 cheana (i ngealltanais agus in íocaíochtaí) chun airleacain a íoc. Ina theannta sin, níor úsáideadh méid EUR 47 981 598 de leithdháileadh 2020 go dtí deireadh na bliana sin agus tugadh anonn go dtí 2021 é. Dá bhrí sin, is é EUR 525 525 348 an t-uasmhéid atá ar fáil faoi CDAE ag an bpointe seo in 2021, agus is leor an tsuim sin chun na riachtanais faoin gCinneadh seo a chumhdach.

(3) An 29 Deireadh Fómhair 2020, chuir an Ghréig iarratas isteach chun an Ciste a shlógadh, tar éis na dtuilte i mí Lúnasa 2020 in Sterea Ellada.

(4) An 9 Nollaig 2020, chuir an Ghréig iarratas isteach chun an Ciste a shlógadh, de bharr an damáiste a rinne an cioclón Ianos i Meán Fómhair 2020, cioclón a chuir isteach ar na réigiúin Ionia Nisia, Sterea Ellada, Ditiki Ellada, Thessalia agus Peloponnisos.

(5) An 22 Eanáir 2021, chuir an Ghréig iarratas isteach chun an Ciste a shlógadh, tar éis an chreatha talún i mí Dheireadh Fómhair 2020 a bhuail na hoileáin Samas, Ikaria agus Cíos.

(6) An 21 Nollaig 2020, chuir an Fhrainc iarratas isteach chun an Ciste a shlógadh, de bharr an damáiste a rinne an stoirm Alex i réigiún Provence-Alpes-Côtes d'Azur i mí Dheireadh Fómhair 2020.

([1]) IO L 311, 14.11.2002, lch. 3.
([2]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.
([3]) Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11).

(7) Faoin 24 Meitheamh 2020, chuir an Albáin, an Bheilg, an Chróit, an Eastóin, Éire, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Montainéagró, an Ostair, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSeicia, an tSeirbia agus an Spáinn agus an Ungáir iarratais isteach chun an Ciste shlógadh i ndáil leis an mór-éigeandáil sláinte poiblí a bhí ann de dheasca phaindéim COVID-19 go luath in 2020.

(8) Tá na hiarratais ó na stáit sin i gcomhréir leis na coinníollacha i dtaca le ranníocaíocht airgeadais a thabhairt ón gCiste, mar a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, an Ciste a shlógadh chun ranníocaíocht airgeadais a thabhairt don Ghréig agus don Fhrainc i ndáil le tubaistí nádúrtha agus leis an Albáin, an Bheilg, an Eastóin, Éire, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Montainéagró, an Ostair, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSeicia, an tSeirbia, an Spáinn, an Ungáir i ndáil leis an mór-éigeandáil sláinte phoiblí.

(10) I gcás na Cróite, ós rud é gur mó an t-airleacan a íocadh cheana ná an méid deireadh cúnaimh, ní gá aon mhéid breise a shlógadh agus aisghabhfar an t-airleacan a íocadh go míchuí i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002.

(11) Chun giorrú a oiread agus is féidir ar an am a thógfaidh sé an Ciste a shlógadh, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ó dháta a ghlactha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

I gcás bhuiséad ginearálta an Aontais don bhliain airgeadais 2021, is ina leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus íocaíochtaí i ndáil le tubaistí nádúrtha a shlógfar na méideanna seo a leanas faoi Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh:

(a) tabharfar an méid EUR 3 300 100 don Ghréig i ndáil leis na tuilte in Sterea Ellada, lena n-áirítear EUR 330 010 mar réamhíocaíocht;

(b) tabharfar an méid EUR 21 588 519 don Ghréig i ndáil leis an gcioclón Ianos, lena n-áirítear an méid EUR 2 158 852 mar réamhíocaíocht;

(c) tabharfar an méid EUR 2 531 301 don Ghréig i ndáil leis an gcrith talún sna hoileáin Samas, Chios agus Ikaria, lena n-áirítear EUR 253 131 mar réamhíocaíocht;

(d) tabharfar an méid EUR 59 325 000 don Fhrainc i ndáil leis an stoirm Alex, lena n-áirítear an méid EUR 5 932 500 mar réamhíocaíocht.

Airteagal 2

I gcás bhuiséad ginearálta an Aontais don bhliain airgeadais 2021, is ina leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus íocaíochtaí i ndáil le mór-éigeandáil sláinte poiblí a shlógfar Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh:

(a) tabharfar an méid EUR 905 271 don Albáin;

(b) tabharfar an méid EUR 31 755 580 don Ostair;

(c) tabharfar an méid EUR 37 298 777 don Bheilg;

(d) tabharfar an méid EUR 17 373 205 don tSeicia;

(e) tabharfar an méid EUR 3 588 755 don Eastóin;

(f) tabharfar an méid EUR 91 365 053 don Fhrainc;

(g) tabharfar an méid EUR 13 648 386 don Ghearmáin;

(h) tabharfar an méid EUR 3 994 022 don Ghréig;

(i) tabharfar an méid EUR 13 136 857 don Ungáir;

(j) tabharfar an méid EUR 20 480 330 d'Éirinn;

(k) tabharfar an méid EUR 76 271 930 don Iodáil;

(l) tabharfar an méid EUR 1 177 677 don Laitvia;

(m) tabharfar an méid EUR 2 828 291 don Liotuáin;

(n) tabharfar an méid EUR 2 857 025 do Lucsamburg;

(o) tabharfar an méid EUR 199 505 do Mhontainéagró;

(p) tabharfar an méid EUR 18 039 670 don Phortaingéil;

(q) tabharfar an méid EUR 13 926 870 don Rómáin;

(r) tabharfar an méid EUR 11 968 276 don tSeirbia;

(s) tabharfar an méid EUR 36 639 441 don Spáinn.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 20 Bealtaine 2021.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 20 Bealtaine 2021.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
D. M. SASSOLI

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. P. ZACARIAS